Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5394/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0002(NLE)**

**FISC 14**
**ECOFIN 45**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 8 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil a thabhairt cothrom le dáta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 8 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 8 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.1.2022
COM(2022) 8 final

2022/0002 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil a thabhairt cothrom le dáta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ó bhí 1977 ann, tá foráil déanta le Treoir CBL[1] maidir le díolúine i gcás soláthairtí chuig fórsaí armtha aon Stáit is páirtí i gConradh an Atlantaigh Thuaidh atá rannpháirteach i gcomhiarracht chosanta lasmuigh dá Stát féin. Bunaíodh an díolúine sin chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina bhfuil an sreabhadh ciorclach ioncaim agus caiteachais briste, de bhrí gur ioncam don Stát ina bhfuil na fórsaí armtha lonnaithe a bheadh i CBL ar na soláthairtí sin de ghnáth, seachas ioncam dá Stát féin. Tá sí ar na díolúintí atá le fáil in Airteagal 151 de Threoir CBL.

Leis an Treoir maidir le Mál[2] rinneadh foráil ó bhí 1993 ann maidir le díolúine chomhchosúil ó dhleacht mháil[3] le haghaidh gluaiseachtaí earraí máil chuig fórsaí armtha aon bhall d'Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT).

I mí na Nollag 2019[4], ghlac an Chomhairle leasuithe ar na Treoracha maidir le CBL agus Mál, lenar tugadh isteach díolúintí maidir le hiarrachtaí cosanta a dhéanann fórsaí armtha Ballstáit i mBallstát eile chun gníomhaíocht Aontais a chur chun feidhme faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC), a bunaíodh in 2000 faoin ainm an beartas Eorpach slándála agus cosanta (BESC). Is é an 1 Iúil 2022 an dáta a thabharfaidh na Ballstáit na bearta nua i bhfeidhm.

I mí Iúil 2021[5], ghlac an Chomhairle leasuithe ar Threoir CBL, lenar tugadh isteach díolúintí breise maidir le bearta a rinneadh ar leibhéal an Aontais mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Tá na Ballstáit réidh chun na díolúintí nua sin a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach ón 1 Eanáir 2021.

Ní mór, dá bhrí sin, leasú dá réir a dhéanamh ar na bearta a ndéantar foráil maidir leo sa Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL[6] lena gcuirtear chun feidhme na díolúintí a leagtar síos in Airteagal 151 de Threoir CBL.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais

Tá dlúthcheangal idir an togra agus na leasuithe ar na Treoracha maidir le CBL agus Mál a glacadh i mí na Nollag 2019, lena gcomhlánaítear Plean Gníomhaíochta CBL 2016[7] agus lena

---

[1] Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

[2] Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch. 12).

[3] Cuirtear dleachtanna máil, a rialaítear i gcomhréir le dlí an Aontais, i bhfeidhm ar dheochanna alcólacha, ar tháirgí tobac monaraithe agus ar tháirgí fuinnimh (breoslaí mótair agus breoslaí téimh, amhail peitreal agus gásailín, leictreachas, gás nádúrtha, gual agus cóc). Déantar struchtúr na gcánacha agus na n-íosrátaí a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais.

[4] Treoir (AE) 2019/2235 ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus Treoir 2008/118/CE maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil a mhéid a bhaineann le hiarrachtaí cosanta laistigh de chreat an Aontais (IO L 336, 30.12.2019, lch. 10)

[5] Treoir (AE) 2021/1159 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le díolúintí ar allmhairithe agus ar sholáthairtí áirithe, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 250, 15.7.2021, lch. 1)

[6] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme do Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (athmhúnlú) (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1).

leagtar amach bealaí chun an córas CBL a nuachóiriú chun go mbeadh sé níos simplí, níos seasmhaí i gcoinne calaoise agus níos fabhraí do ghnólachtaí. Tá dlúthcheangal aige freisin leis na leasuithe ar Threoir CBL a glacadh i mí Iúil 2021, lenar tugadh isteach díolúintí maidir le bearta Aontais mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 lena dtugtar aghaidh ar éifeachtaí na géarchéime sláinte atá ann faoi láthair.

Is é is cuspóir don togra foráil a dhéanamh maidir leis na bearta is gá chun na díolúintí nua de bhun Airteagal 151(1)(ab), (ba) agus (bb) de Threoir CBL chomh maith le hAirteagal 12(1)(ba) den Treoir maidir le Mál a chur chun feidhme.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach leis an straitéis dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh (EUGS)[8] agus leis an bplean cur chun feidhme maidir le slándáil agus cosaint[9], lena leagtar amach tograí chun EUGS a chur chun feidhme i réimse na slándála agus na cosanta.

Cuireann sé chun feidhme gealltanas an Choimisiúin sa phlean gníomhaíochta maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata[10] measúnú a dhéanamh ar cé chomh hindéanta is a bheadh sé láimhseáil CBL maidir le hiarrachtaí cosanta a ailíniú i gcreat an Aontais agus faoi chuimsiú ECAT.

Tá an togra comhsheasmhach freisin leis an bplean gníomhaíochta Eorpach um chosaint[11], lena n-áirítear seoladh Ciste Eorpaigh Cosanta[12], agus sásra Athena[13], ar sásra é lena láimhseáiltear (de bhun Airteagal 41(2) CAE) costais choiteanna mhisin agus oibríochtaí míleata an Aontais Eorpaigh faoi chuimsiú CBSC.

Tá an togra i gcomhréir, freisin, le tionscnaimh Aontais a tionscnaíodh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus tacaíonn sé go háirithe le bearta práinneacha a rinneadh faoin Ionstraim Tacaíochta Éigeandála (ESI[14]) chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí na géarchéime sláinte atá ann faoi láthair.

---

7 *Towards a single EU VAT area — time to decide*, [*I dtreo limistéar CBL aonair san Aontas Eorpach – an t-am le cinneadh a dhéanamh*] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta maidir le plean gníomhaíochta CBL (COM(2016) 148 final).

8 *Shared vision, common action: a stronger Europe – a global strategy for the European Union's foreign and security policy*.

9 https://eeas.europa.eu/sites/eeas/files/eugs_implementation_plan_st14392.en16_0.pdf

10 *An plean gníomhaíochta maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata*, Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (JOIN(2018) 5 final).

11 *Plean gníomhaíochta Eorpach um chosaint*, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún (COM(2016) 950 final).

12 Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149). Soláthrófar EUR 2.6 billiún ón gCiste chun maoiniú díreach a dhéanamh ar thionscadail iomaíocha chomhoibríocha taighde , go háirithe trí dheontais, agus soláthrófar EUR 5.3 billiún chun infheistíocht na mBallstát a chomhlánú trí chómhaoiniú a dhéanamh ar chostais forbartha comhoibríoch amhail forbairt fréamhshamhlacha, agus na ceanglais deimhnithe agus tástála a leanfadh as sin.

13 Cinneadh (CBES) 2015/528 ón gComhairle lena mbunaítear sásra chun maoiniú na gcostas coiteann a riar a bhaineann le hoibríochtaí de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu (Athena) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/871/CBES (IO L 84, 28.3.2015, lch. 39).

14 Rialachán (AE) 2020/521 ón gComhairle an 14 Aibreán 2020 lena ngníomhachtáitear an tacaíocht éigeandála faoi Rialachán (AE) 2016/369, agus lena leasaítear na forálacha lena mbaineann agus ráig COVID-19 á cur san áireamh (IO L 117, 15.4.2020, lch. 3).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 397 de Threoir CBL. Foráiltear leis an airteagal seo go nglacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, na bearta is gá chun Treoir CBL a chur chun feidhme.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Chun comhlánú a dhéanamh ar an ailíniú i láimhseáil CBL agus dleachta máil maidir le hiarrachtaí cosanta san Aontas Eorpach agus faoi chreataí ECAT a bunaíodh leis na leasuithe a rinneadh ar na Treoracha maidir le CBL agus Mál, agus chun cur i bhfeidhm praiticiúil na ndíolúintí a tugadh isteach i dTreoir CBL a chumasú chun tacú le bearta Aontais mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, tá gá le coigeartú comhfhreagrach ar an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL. Ní fhéadfadh na Ballstáit aghaidh a thabhairt air agus iad ag gníomhú ina n-aonar. Chun an coigeartú a dhéanamh tá gá le togra ón gCoimisiún chun an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL a leasú.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhsheasmhach le prionsabal na comhréireachta, mar ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach, ar cuspóirí iad a bhaineann le feidhmiú réidh an Mhargaidh Aonair agus le comhbheartas cosanta a chumadh go comhleanúnach faoi CBSC. Baineann an togra seo le gnéithe praiticiúla a eascraíonn as ailíniú raon feidhme díolúintí le haghaidh iarrachtaí cosanta Aontais agus ECAT chomh maith le tabhairt isteach díolúintí nua a bhaineann le bearta Aontais a rinneadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, mar a ghlac an Chomhairle cheana, nach mbeidh ach mionéifeacht acu ar an mbonn cánach.

- **An rogha ionstraime**

Beartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme d'fhonn leasú a dhéanamh ar an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL.

## 3. TORTHAÍ MEASTÓIREACHTAÍ *EX POST* AGUS COMHAIRLIÚCHÁN LE GEALLSEALBHÓIRÍ

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara**

Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit sa ghrúpa maidir le todhchaí CBL[15] agus dheimhnigh siad ar an iomlán an gá atá le gníomhú ar leibhéal an Aontais trí dhíolúine ó CBL a thabhairt isteach i gcás soláthairtí a bhaineann le hiarracht chosanta i gcreat an Aontais atá comhchosúil leis an díolúine i gcás soláthairtí a bhaineann le hiarracht chosanta ECAT faoi Airteagal 151(1)(c) agus (d) de Threoir CBL.

A mhéid a bhaineann leis na bearta ar freagairt iad ar phaindéim COVID-19, ní dhearnadh aon chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara mar gheall ar a phráinní atá an tionscnamh seo.

[15] Grúpa neamhfhoirmiúil ionadaithe ó riaracháin náisiúnta chánach, a chuireann fóram ar fáil don Choimisiún chun dul i gcomhairle le saineolaithe CBL ó na Ballstáit maidir le tionscnaimh réamhreachtacha.

Ní chuireann an togra atá ann faoi láthair chun feidhme ach na socruithe praiticiúla is gá le haghaidh chur i bhfeidhm réidh na ndíolúintí nua CBL sin sa chleachtas.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Sular mhol an Coimisiún an díolúine ó CBL a thabhairt isteach i gcás soláthairtí a bhaineann le hiarracht chosanta i gcreat an Aontais, bhailigh sé saineolas trí chomhairliúchán le hionadaithe ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS)[16], ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC)[17] agus le saineolaithe cosanta a thacaíonn le baill an ghrúpa maidir le todhchaí CBL. Maidir leis an díolúine a moladh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, bhraith an Coimisiún ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí maidir leis an staid eipidéimeolaíoch chomh maith le fianaise eolaíoch ábhartha a bhí ar fáil maidir le paindéim COVID-19 atá ann faoi láthair. I dtaca leis an togra seo, lena gcuirtear chun feidhme na díolúintí sin, ní raibh aon ghá le saineolas breise.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra seo leis an gClár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT) agus níl aon tionchar ar leith aige ar mhicrifhiontair ná ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag an togra seo maidir le cearta bunúsacha a chosaint.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní dhéantar leasú leis an togra seo ach ar an deimhniú díolúine is gá chun na díolúintí CBL a chur i bhfeidhm sa chleachtas, ach ní dhéantar leasú ar raon feidhme na ndíolúintí féin. Dá bhrí sin, níl aon impleacht ann ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na mbeart atá beartaithe mar chuid dá fhreagrachtaí chun cur i bhfeidhm ceart reachtaíocht CBL agus máil an Aontais Eorpaigh a áirithiú.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagail 1 agus 2 den togra, cuirtear leagan nua in ionad an deimhnithe díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil a ndéantar foráil maidir leis in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le CBL, ar leagan é lena gcumhdaítear freisin earraí agus seirbhísí atá beartaithe i gcomhair úsáid oifigiúil fórsaí armtha Ballstáit atá rannpháirteach i ngníomhaíocht Aontais i mBallstát eile faoi CBSC, chomh maith le hearraí agus seirbhísí a fuair an Coimisiún Eorpach nó aon ghníomhaireacht nó comhlacht Eorpach atá ag forghníomhú a gcúraimí le húsáid mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Tá dhá leagan den deimhniú díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil i gceangal leis an togra mar gheall ar amlíne theacht i bhfeidhm na leasuithe ar Threoir CBL. An deimhniú a ndéantar foráil maidir

[16] Tugann SEGS cúnamh d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála lena chuid freagrachtaí ar fad, lena n-áirítear an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC).

[17] Bunaíodh an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint in 2004 le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2004/551/CBES ón gComhairle (IO L 245, 17.7.2004, lch. 17).

leis in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra, deimhniú ina bhfuil bosca a bhaineann le comhlachtaí incháilithe a bheith ag forghníomhú cúraimí mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, tiocfaidh sé i bhfeidhm láithreach. Amhail ón 1 Iúil 2022, cuirfear an leagan a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an togra ina ionad, leagan a chuirfidh bosca leis lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí faoi CBSC.

D'ainneoin tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, beidh an bosca a leagtar amach in Iarscríbhinn II a thagraíonn d'fhórsaí armtha na Ríochta Aontaithe atá lonnaithe ar oileán na Cipire ann go fóill. I gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar[18] agus leis an bPrótacal maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha sa Chipir[19] go háirithe, beidh feidhm ag forálacha dhlí an Aontais maidir le cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus foirmeacha eile cánachais indírigh arna nglacadh de bhun Airteagal 113 CFAE, maidir leis na Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha[20] agus sna Limistéir sin, agus eiseoidh an Ríocht Aontaithe deimhnithe díolúine ar fhormheas a fháil ó Phoblacht na Cipire[21].

18 Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7).

19 Prótacal maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir (IO L 29, 31.1.2020, lch. 146).

20 Airteagal 3(1) den Phrótacal maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha sa Chipir.

21 Airteagal 4(1) den Phrótacal maidir le Limistéir Bhunáite Fhlaitheasacha sa Chipir.

2022/0002 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil a thabhairt cothrom le dáta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha[1], agus go háirithe Airteagal 397 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Treoir 2006/112/CE agus Treoir 2008/118/CE ón gComhairle[2] le Treoir (AE) 2019/2235 ón gComhairle[3], lenar tugadh isteach díolúintí ó CBL agus ó dhleacht mháil le haghaidh iarrachtaí cosanta a rinneadh laistigh de chreat an Aontais. Bhí na díolúintí sin le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit ón 1 Iúil 2022.

(2) Leasaíodh Treoir 2006/112/CE a thuilleadh le Treoir (AE) 2021/1159 ón gComhairle[4], lenar tugadh isteach díolúintí nua ó CBL maidir le bearta a rinneadh ar leibhéal an Aontais mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Bhí na díolúintí sin le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit le héifeacht chúlghabhálach ón 1 Eanáir 2021.

(3) Cuirtear deimhniú ar fáil le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle[5], lena ndeimhnítear go gcáilíonn idirbheart áirithe le haghaidh díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil faoi Airteagal 151 de Threoir 2006/112/CE. Ní mór an deimhniú sin a choigeartú chun cur ar a gcumas do na Ballstáit an díolúine nua ó CBL le haghaidh iarrachtaí cosanta agus na díolúintí CBL maidir le bearta a rinneadh ar leibhéal an Aontais mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 a chur i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach.

(4) Maidir leis na díolúintí nua ó CBL a bhaineann le bearta a rinneadh ar leibhéal an Aontais mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 faoi Threoir 2006/112/CE, ba cheart an deimhniú a leasú chun an Coimisiún nó aon ghníomhaireacht nó comhlacht

[1] IO L 347, 11.12.2006, lch. 1.

[2] Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch. 12).

[3] Treoir (AE) 2019/2235 ón gComhairle an 16 Nollaig 2019 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha agus Treoir 2008/118/CE maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil a mhéid a bhaineann le hiarrachtaí cosanta laistigh de chreat an Aontais (IO L 336, 30.12.2019, lch. 10).

[4] Treoir (AE) 2021/1159 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le díolúintí ar allmhairithe agus ar sholáthairtí áirithe, mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 250, 15.7.2021, lch. 1).

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle an 15 Márta 2011 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 77, 23.3.2011, lch. 1).

Eorpach atá ag forghníomhú a gcúraimí mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 a chuimsiú mar chomhlacht incháilithe. Chun na críche sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a leasú le héifeacht ón 1 Eanáir 2021.

(5) Maidir leis an díolúine nua ó CBL le haghaidh iarrachtaí cosanta a rinneadh laistigh de chreat an Aontais, ba cheart an deimhniú a leasú chun an Coimisiún nó aon ghníomhaireacht nó comhlacht Eorpach atá ag forghníomhú a gcúraimí mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, chomh maith le fórsaí armtha Ballstáit atá rannpháirteach i ngníomhaíocht de chuid an Aontais faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta, a chuimsiú mar chomhlacht incháilithe. Chun na críche sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a leasú le héifeacht ón 1 Iúil 2022.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011.

*Airteagal 2*

Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1 ón 1 Eanáir 2021.

Beidh feidhm ag Airteagal 2 ón 1 Iúil 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*